EUROPEAN UNION

EU MISSIONS

ADAPTATION TO CLIMATE CHANGE

# Lámhleabhar Féintreorach maidir le geallsealbhóirí agus saoránaigh a bheith páirteach san oiriúnú aeráide, lena n-áirítear uirlisí, dea-chleachtais agus eispéiris



Údair: Marianne Wehbe[1], Gloria Salmoral[1], Manuel Bea[1], Elena López-Gunn[1], Richard J. Smithers[2].

[1] Icatalist, [2] Ricardo

Ríomhphost: info@mip4adapt.eu

Lámhscríbhinn tugtha cothrom le dáta i mí an Mhárta 2025

Luaitear an cháipéis seo mar seo a leanas Wehbe, M., Salmoral, G., López-Gunn, E., M. & Smithers, R.J. 2024. Lámhleabhar Féintreorach maidir le geallsealbhóirí agus saoránaigh a bheith páirteach san oiriúnú aeráide, lena n-áirítear, uirlisí, dea-chleachtais agus eispéiris. Márta 2025. Misean an AE um Oiriúnú don Athrú Aeráide. An tAontas Eorpach, An Bhruiséil.

**Séanadh**

Is dearcadh na n-údar amháin a léirítear sa cháipéis seo agus níl an Coimisiún Eorpach freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá inti. Tugadh aitheantas d'ábhar a foilsíodh roimhe seo agus do shaothar daoine eile ach lua, athfhriotal cuí nó an dá rud a dhéanamh. Údaraítear athúsáid ar an gcoinníoll go n-admhaítear an fhoinse agus nach ndéantar brí nó teachtaireacht bhunaidh an doiciméid a chur as a riocht.

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach faoi dhliteanas as aon iarmhairt a eascróidh as an athúsáid. Cuirtear beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh i bhfeidhm le Cinneadh 2011/833/AE ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le doiciméid an Choimisiúin a athúsáid (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Gach íomhá © An tAontas Eorpach, mura luaitear a mhalairt.

© An tAontas Eorpacz

# ÁBHAR

**GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS SAORÁNAIGH A BHEITH RANNPHÁIRTEACH SAN OIRIÚNÚ AERÁIDE** ........ 4

**CÉIM 1: AN TSLÍ A RÉITEACH DON OIRIÚNÚ** ........ 8

**CÉIMEANNA 2, 3, AGUS 4: RIOSCAÍ AGUS LEOCHAILEACHTAÍ AERÁIDE A MHEAS AGUS ROGHANNA OIRIÚNÚCHÁIN A SHONRÚ, A MHEASÚNÚ AGUS A ROGHNÚ** ........ 18

**CÉIM 5: BEARTAIS AGUS GNÍOMHARTHA OIRIÚNÚCHÁIN A CHUR I BHFEIDHM** ........ 24

**CÉIM 6: MONATÓIREACHT, MEASTÓIREACHT AGUS FOGHLAIM** ........ 30

# GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS SAORÁNAIGH A BHEITH RANNPHÁIRTEACH SAN OIRIÚNÚ AERÁIDE

Ach geallsealbhóirí agus saoránaigh a bheith rannpháirteach, feabhsaítear ábharthacht, éifeachtacht agus inchreidteacht pleananna oiriúnaithe don athrú aeráide, rud a chothaíonn muinín agus a thacaíonn le sainordú comhchoiteann chun gníomhartha oiriúnúcháin a chur i bhfeidhm. Déantar amhlaidh ach léargais agus ábhar imní áitiúil a chur san áireamh, cur le cur chuige ón mbarr anuas, úinéireacht chomhroinnte a chothú, agus spriocanna coiteanna a shoiléiriú.

Is é **Ardán Forfheidhmithe Misin an AE um Oiriúnú don Athrú Aeráide (MIP4Adapt)** a chuir an Lámhleabhar Féintreorach (DIY) seo le chéile d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla agus leagtar béim ann ar cheithre phríomhghníomh chun geallsealbhóirí agus saoránaigh a spreagadh lena bheith rannpháirteach san oiriúnú don athrú aeráide:

- **Cumarsáid:** faisnéis shoiléir agus inrochtana a sholáthar
- **Rannpháirteachas** geallsealbhóirí agus pobal
- **Nascadh** geallsealbhóirí agus saoránach chun comhoibriú a éascú agus
- **Cumasú** le haghaidh gníomh comhchoiteann agus aonair.




*Fíor 1: Céimeanna na hUirlise Tacaíochta um Oiriúnú Réigiúnach (RAST). Foinse:* **Tairseach an Mhisin**.

Cuireann an Lámhleabhar bealaí praiticiúla ar fáil chun rannpháirteachas geallsealbhóirí agus saoránach a spreagadh agus a gcuid rannpháirtíochta gníomhaí a chur chun cinn i ngach gné den phleanáil agus den ghníomhaíocht maidir le hoiriúnú aeráide. Treoraíonn sé tú trí ghníomhaíochtaí cuí rannpháirteachais agus leagann sé béim ar uirlisí, ar dhea-chleachtais agus ar shamplaí chun geallsealbhóirí agus saoránaigh a bheith rannpháirteach i ngach céim den timthriall pleanála um oiriúnú don athrú aeráide, mar a leagtar amach san **Uirlis Tacaíochta um Oiriúnú Réigiúnach (RAST)** (Fíor 1).

Is féidir gníomhaíochtaí ginearálta rannpháirteachais (amhail ceardlanna, grúpaí fócais, agus tionóil saoránach) agus uirlisí gaolmhara le haghaidh rannpháirteachas geallsealbhóirí agus saoránach a úsáid i gcomhthéacsanna difriúla, ní hamháin le haghaidh pleanála agus gníomhaíochta maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, chun bunús fónta a chur faoin rannpháirteachas. Is féidir leat na gníomhaíochtaí agus na huirlisí rannpháirteachais seo a úsáid chun peirspictíochtaí éagsúla a bhailiú, ábhar imní a thuiscint, idirphlé a chothú, rannpháirteachas gníomhach a chothú agus comhthuiscint a chothú. Cé go bhféadfadh nach ngabhfaidh siad gach dearcadh i gcónaí, is féidir leis na tionscnaimh seo a bheith éifeachtach agus bonn a chur faoi ghníomhaíochtaí rannpháirteachais agus uirlisí gaolmhara níos nuálaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn dul i ngleic le geallsealbhóirí agus le saoránaigh.

## AN SCÉALA IS DÉANAÍ...

Leag an **Lámhleabhar Féintreorach maidir le Geallsealbhóirí agus Saoránaigh a bheith Rannpháirteach san Oiriúnú don Athrú Aeráide** amach na gníomhaíochtaí rannpháirtíochta agus na huirlisí gaolmhara ginearálta. Cuimsíonn an leagan cothrom le dáta seo aiseolas ó úsáideoirí an chéad eagráin agus tugtar uirlisí agus treoir nua chun a úsáid phraiticiúil a fheabhsú. Táimid tar éis feabhas a chur ar chuir chuige maidir le rannpháirteachas cineálacha éagsúla geallsealbhóirí a chothú, lena n-áirítear cuir chuige ón earnáil phríobháideach agus ó thríú hearnálacha, rud a chinntíonn úsáid níos leithne. Chomh maith leis sin, chuireamar bileoga téamacha eolais ar fáil a dhíríonn ar ghníomhaíochtaí rannpháirteachais agus uirlisí gaolmhara chun a gcinnteoireacht a éascú i rith thimthriall pleanála an oiriúnúcháin. Díríonn na bileoga eolais sin ar:

- **Rannpháirteachas cruthaitheach** chun leas a bhaint as an gcruthaitheacht le haghaidh oiriúnú don athrú aeráide d'fhonn athléimneacht a chothú. Is féidir le gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus uirlisí gaolmhara rannpháirteachais cabhrú le raon níos leithne peirspictíochtaí a ghabháil ach cead cainte a thabhairt do dhaoine agus deis a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach ar bhealaí éagsúla, ealaíonta agus uathúla. Cothaíonn rannpháirteachas cruthaitheach naisc mhothúchánacha, comhroinnt eolais, tógáil pobail, spreagadh gníomhartha agus téann sé i gcion ar bheartais aeráide.
- **Rannpháirteachas na hearnála príobháidí**, go háirithe maidir le gníomhartha oiriúnúcháin aeráide agus réitigh nuálacha a shonrú agus a chur i bhfeidhm. Tá acmhainní, saineolas agus acmhainn nuálaíoch ag an earnáil phríobháideach chun cur go suntasach le gníomhú ar son na haeráide. Ach gnólachtaí a bheith páirteach i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm straitéisí aeráide, is féidir leat a n-acmhainn a úsáid chun cleachtais inbhuanaithe a chothú a thacaíonn le hoiriúnú don athrú aeráide. Is féidir le comhoibriú idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach réitigh éifeachtacha nuálacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus ar rioscaí aeráide, rud a fheabhsaíonn an t-oiriúnú ó thaobh an chomhshaoil, na sochaí agus an gheilleagair de.
- **Tacú le grúpaí leochaileacha** chun a chinntiú go mbíonn an gníomhú ar son na haeráide cuimsitheach. Is minic a bhíonn idirghabhálacha spriocdhírithe chun oiriúnú do dhálaí athraitheacha agus chun a n athléimneacht a chothú de dhíth ar dhaoine is mó a bhféadfadh an t-athrú aeráide dul i gcion orthu. Is féidir le tionscnaimh díriú ar rochtain ar acmhainní a sholáthar, ar an gcomhfhoghlaim, agus ar chórais tacaíochta a chuireann ar chumas grúpaí leochaileacha páirt a ghlacadh i bpleanáil agus i gcur i bhfeidhm an oiriúnúcháin don athrú aeráide. Chun na pobail seo a chumhachtú, ní mór dóibh a bheith rannpháirteach go gníomhach ina leochaileachtaí uathúla agus i mbearnaí acmhainne maidir le hoiriúnú do ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid agus a chur ar a gcumas iad a shonrú agus tosaíocht a thabhairt dóibh. Is é a bhíonn i gceist go ndéanann baill an ghrúpa gníomhartha oiriúnúcháin aeráide a shonrú, a chur in ord tosaíochta agus a chur i bhfeidhm d'fhonn freastal ar a gcuid riachtanas.

Ach **cur chuige uile-shochaí a ghlacadh** agus rannpháirtíocht ghníomhach a chothú i measc gach cineál geallsealbhóra agus saoránaigh, is féidir leat a chinntiú nach bhfágtar aon duine ar gcúl, go gcothaítear an ceartas sóisialta, agus go bhfeabhsaítear éifeachtacht an oiriúnúcháin don athrú aeráide chun leochaileachtaí agus rioscaí a laghdú agus athléimneacht a mhéadú.

Chun an Lámhleabhar a úsáid go héifeachtach, déantar athbhreithniú ar Chéim 1 de RAST ar an gcéad dul síos, rud atá ríthábhachtach chun do straitéis rannpháirteachais agus cumarsáide a fhorbairt. Cabhróidh an chéim bhunúsach seo leat geallsealbhóirí agus saoránaigh a spreagadh chun páirt a ghlacadh i rith phróiseas pleanála an oiriúnúcháin don athrú aeráide.

De réir mar a dhéanann tú dul chun cinn, téigh tríd an Lámhleabhar de réir do riachtanas féin. Úsáid as an Lámhleabhar mar acmhainn sholúbtha, chuimsitheach ach na codanna is fearr a fhreastalaíonn ar do chuspóirí féin a roghnú. Freagraíonn gach cuid do chéim faoi leith den timthriall pleanála agus is féidir leas a bhaint aisti beag beann ar na codanna eile.

Seo a leanas an chaoi is fearr ar féidir lánleas a bhaint as gach cuid:

- Bileoga Téamacha Eolais: Tosaigh leo seo chun spléachadh a fháil ar shamplaí d'uirlisí.
- Táblaí Céimeanna RAST: Úsáid na táblaí seo chun cur síos mionsonraithe ar uirlisí a fháil.

Is féidir leat naisc dhíreacha a fháil sa Lámhleabhar chuig eolas breise faoi gach uirlis, mar aon le samplaí d'úsáidí agus de dhea-chleachtais. Tá na huirlisí go léir ón leagan roimhe seo san áireamh, mar aon le huirlisí breise maidir le rannpháirteachas a chothú i measc cineálacha éagsúla geallsealbhóirí.

Leanann an Lámhleabhar RAST, lena gcuirtear i láthair gníomhaíochtaí sonracha rannpháirteachais agus uirlisí gaolmhara, dea-chleachtais agus eispéiris a bhaineann le geallsealbhóirí agus saoránaigh a bheith rannpháirteach i ngach céim de thimthriall pleanála an oiriúnúcháin don athrú aeráide.

Braitheann rogha na ngníomhaíochtaí rannpháirteachais agus na n-uirlisí gaolmhara chun geallsealbhóirí agus saoránaigh a bheith páirteach i bpleanáil agus i ngníomh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide ar chuspóirí gach céime agus ar do spriocanna trí chéile. D'fhéadfadh gurbh é a bheadh i gceist faisnéise a mhalartú, anailís chomhpháirteach a dhéanamh, comhfhoghlaim a chothú, comhchinnteoireacht a chumasú, agus geallsealbhóirí sonracha a bheith rannpháirteach. Ag brath ar do chuid eolais agus cumais, b'fhéidir gurbh fhiú comhairleoir a choimisiúnú chun tacú leat maidir le páirtithe leasmhara ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ó thríú hearnálacha chomh maith le saoránaigh a bheith rannpháirteach agus chun leas a bhaint as gníomhaíochtaí rannpháirteacha agus uirlisí gaolmhara.

**Tabhair faoi deara, le do thoil, beag beann ar an dul chun cinn atá déanta agat i do thimthriall oiriúnúcháin, go bhfuil sé tábhachtach Céim 1 a léamh, áit a ndírítear ar straitéis rannpháirteachais agus cumarsáide a fhorbairt. Is féidir leat do straitéis rannpháirteachais agus cumarsáide a bheachtú agus a oiriúnú de réir mar a théann tú ar aghaidh trí chéimeanna thimthriall pleanála an oiriúnúcháin don athrú aeráide.**

# CÉIM 1: AN TSLÍ A RÉITEACH DON OIRIÚNÚ

**Conas an chuid seo a léamh:**

Ar an gcéad dul síos, déan athbhreithniú ar do chuspóirí maidir le rannpháirteachas geallsealbhóirí agus saoránach ag Céim 1 de RAST chun do chúiseanna a bhfuil tú á dhéanamh a thuiscint. Mínítear sa chuid seo an tábhacht a bhaineann le rannpháirteachas luath geallsealbhóirí agus saoránach. Scrúdaigh na samplaí praiticiúla a chuirtear ar fáil maidir le straitéis rannpháirteachais agus cumarsáide a fhorbairt. Cuirfidh sé sin bonn faoi mheasúnuithe riosca agus faoi fhorbairt beartais níos éifeachtaí i gcéimeanna níos déanaí.

**Cuspóirí na coda seo:**

- Spléachadh ar an gcéad chéim de RAST: an tslí a réiteach do thimthriall oiriúnúcháin don athrú aeráide.
- Díríonn sé ar rannpháirteachas luath geallsealbhóirí ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ó thríú hearnálacha agus ó shaoránaigh sa phróiseas.
- Leagann sé béim ar a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí rannpháirteachais chun comhoibriú a chothú.
- Soláthraíonn sé samplaí praiticiúla chun straitéis rannpháirteachais a fhorbairt a chinntíonn pleanáil chuimsitheach agus éifeachtach oiriúnúcháin.




I gCéim 1, agus an tslí á réiteach don oiriúnú, ní mór duit na bunghnéithe a chur le chéile agus a eagrú chun tús a chur le próiseas pleanála an oiriúnúcháin. Áirítear leis seo geallsealbhóirí leasmhara ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ó thríú hearnálacha agus saoránach a chaithfidh a bheith páirteach a shonrú. Ach iad a bheith rannpháirteach go luath, cinntítear gur féidir a gcuid dearcthaí agus léargas a chur san áireamh ón tús, rud a leagann bonn faoi mheasúnuithe riosca níos éifeachtaí agus níos cuimsithí (Céim 2), faoi ghníomhartha oiriúnúcháin a shonrú, a roghnú agus a chur i bhfeidhm (Céimeanna 3, 4, agus 5), agus faoi mhonatóireacht, mheasúnacht agus fhoghlaim (Céim 6). Ach cur chuige struchtúrtha a bhunú i leith an rannpháirteachais i gCéim 1, is féidir leat bonn láidir agus comhtháite a chruthú le haghaidh rannpháirteachais, malartú eolais agus comhoibriú ar fud thimthriall iomlán pleanála an oiriúnúcháin.

Sa chéim seo, is féidir leat straitéis rannpháirteachais agus cumarsáide (féach Fíor 1) a fhorbairt atá in oiriúint do do chomhthéacs áitiúil ach aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna tábhachtacha seo a leanas:

- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach geallsealbhóirí agus saoránaigh i gcoitinne a bheith rannpháirteach, go háirithe i ngach céim de phróiseas pleanála an oiriúnúcháin?
- Cé hiad na ceannairí oibríochtúla earnála nó seirbhíse ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ón tríú hearnáil a chaithfidh a bheith páirteach i dtimthriall pleanála an oiriúnúcháin?
- Conas a chinnteoidh tú tiomantas polaitiúil fadtéarmach?
- Conas a chinnteoidh tú próiseas rathúil rannpháirteachais a chabhróidh leat glacadh an phobail a fháil do do phlean oiriúnúcháin don athrú aeráide agus gníomh a spreagadh?
- Cé na gníomhaíochtaí a chuirfidh tú san áireamh i do straitéis rannpháirteachais agus cumarsáide agus cén fáth?

Ar an gcéad dul síos, is féidir leat mapáil geallsealbhóirí agus anailís líonra a dhéanamh. Molann **Treoir RESIN**, cuir i gcás:

- Geallsealbhóirí ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ó thríú hearnálacha a shonrú ach mapáil geallsealbhóirí a dhéanamh
- Geallsealbhóirí a chatagóiriú ach úsáid a bhaint as **maitrís tionchair-leasa** chun leibhéal a gcumhachta agus a rannpháirteachais in iarrachtaí oiriúnúcháin don athrú aeráide a mheas, agus idirdhealú a dhéanamh idir:
    - Príomhimreoirí (Ard-Tionchar, Ard-Leas): Geallsealbhóirí ríthábhachtacha ba cheart dóibh a bheith rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas cinnteoireachta
    - Príomhchosantóirí (Ard-Tionchar, Íseal-Leas): Aisteoirí cumhachtacha ach nach bhfuil chomh rannpháirteach céanna agus ba chóir a choinneáil sásta chun friotaíocht a chosc
    - Tacaitheoirí maithe (Íseal-Tionchar, Ard-Leas): Geallsealbhóirí rannpháirteacha ar féidir leo tacaíocht a chur ar fáil, cé nach bhfuil cumhacht cinnteoireachta acu
    - Aisteoirí eile (Íseal-Tionchar, Íseal-Leas): Gan a bheith chomh hábhartha ar dtús ach ba cheart monatóireacht a dhéanamh orthu le haghaidh athruithe a d’fhéadfadh a theacht ar thionchar nó ar leas
- Déan anailís ar chaidrimh le geallsealbhóirí (féach **treoirlínte tosaigh um anailís ar líonraí sóisialta**).

Is féidir leat maitrís RACI a úsáid freisin chun soiléiriú a dhéanamh ar na daoine seo a leanas:

- **Daoine freagracha**, i.e., daoine atá ag bainistiú earnálacha, córas nó sócmhainní i bpróiseas pleanála an oiriúnúcháin
- **Daoine cuntasacha**, i.e., daoine a dhéanann cinntí tábhachtacha agus a mhaoirsíonn an próiseas
- **Daoine a gcaitear dul i gcomhairle leo**, i.e., lena n-áirítear saineolaithe agus comhairleoirí ar féidir leo ionchur criticiúil a chur ar fáil
- **Daoine a chaitear a chur ar an eolas**, i.e., lena n-áirítear daoine a dtéann an t-athrú aeráide i gcion orthu agus daoine a d’fhéadfadh leas a bhaint as gníomhartha oiriúnúcháin.

Is féidir leis an maitrís tionchair-leasa agus le maitrís RACI i dteannta a chéile cabhrú leat straitéis chuimsitheach dea-chomhordaithe rannpháirteachais agus cumarsáide a chur le chéile, a shonraíonn na daoine sin ba chóir a bheith rannpháirteach agus cén chaoi ar chóir dóibh a bheith rannpháirteach ag gach céim de phróiseas an oiriúnúcháin.

Ní mór don rannpháirteachas agus don **chumarsáid éifeachtach** a chinntiú go gcuirtear príomhtheachtaireachtaí in iúl go soiléir don sprioclucht éisteachta/féachana ach na bealaí is cuí a úsáid, lena n-áirítear gníomhaíochtaí rannpháirteachais. Ní mór teachtaireachtaí a chur in oiriúint do shaintréithe, do thosaíochtaí agus d’ábhar imní an sprioclucht éisteachta/féachana; bíodh siad ina gcinnteoirí, ina gcleachtóirí, ina saineolaithe, nó ina bpobal i gcoitinne. Ach ábhar soiléir, ábhartha agus tarraingteach, scéalta mealltacha, teanga inrochtana agus eilimintí amhairc a úsáid, cuidítear le tuiscint, comhoibriú, rannpháirteachas agus tacaíocht a chothú do ghníomhartha oiriúnúcháin.

Más údarás mór réigiúnach nó áitiúil thú ag a bhfuil an cumas agus na hacmhainní riachtanacha, b’fhéidir gur mhaith leat **pobal cleachtais** (Féach **Treoirleabhar um Pobal Cleachtais**) a bhunú ina mbeadh geallsealbhóirí ábhartha ó ar fud na hearnála poiblí, na hearnála príobháidí agus an tríú hearnáil agus/nó tionól saoránach a bheadh páirteach i ngach céim ina dhiaidh sin (féach Tábla 1). Mar sin féin, is fiú a chinntiú gur féidir leat pobal cleachtais nó tionól saoránach a chothabháil san fhadtréimhse sula ndéanann tú gealltanas i leith a mbunaithe.

Tugann Tábla 1 eolas achomair faoi raon leathan gníomhaíochtaí rannpháirteachais, uirlisí gaolmhara, agus dea-chleachtas a d’fhéadfadh a bheith úsáideach duit.

D’fhonn leanúint de chomhthuiscint a chothú i measc údarás réigiúnach agus áitiúil ar an mbealach is fearr chun geallsealbhóirí agus saoránaigh a spreagadh lena bheith rannpháirteach san oiriúnú don athrú aeráide, tapaigh an deis chun do chuid iarrachtaí a thaispeáint ach **Scéalta Oiriúnúcháin** a chur ar fáil do **Thairseach an Mhisin** agus chun rannchuidiú le **Pobal Cleachtais Mhisean Oiriúnúcháin an AE**. Reáchtálann an Pobal seimineáir agus cumasaíonn sé comhoibriú i measc na ndaoine uile atá ag cur leis an Misean a sheachadadh ar fud na hEorpa. Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé a bheith úsáideach páirt a ghlacadh i **bPobal Cleachtais an Ionaid Inniúlachta ar Dhaonlathas Rannpháirteach agus Dioschúrsach (CC-DEMOS)**, a sholáthraíonn deiseanna chun eispéiris a mhalartú, próisis rannpháirteachais a fheabhsú, agus rannpháirteachas geallsealbhóirí i mbeartais oiriúnúcháin a neartú. Faoi stiúir Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh, cuireann an tionscnamh seo oiliúint, comhoibriú taighde agus ardán ar fáil chun dea-chleachtais a roinnt maidir le daonlathas rannpháirteach agus dioschúrsach.

Tábla 1. Gníomhaíochtaí rannpháirteacha molta do rannpháirteachas geallsealbhóirí agus saoránach ag Céim 1: An tslí a réiteach don oiriúnú

| Gníomhaíocht rannpháirteach | Spriocghrúpa | Cén fáth ar chóir an ghníomhaíocht seo a úsáid i gCéim 1? | Ábhar Machnaimh | Samplaí d'uirlisí úsáideacha, agus de dhea-chleachtais agus d'eispéiris |
|---|---|---|---|---|
| **Mapáil agus anailís ar gheallsealbhóirí** | Geallsealbhóirí | Anailís chomhpháirteach chun geallsealbhóirí a shonrú agus a chatagóiriú.<br><br>Riachtanach chun an bonn fianaise agus an tacaíocht pholaitiúil a chothú, chun struchtúir rialachais a bhunú agus geallsealbhóirí agus róil a shonrú agus a anailísiú. | Sonrú agus rannpháirtíocht chruinn<br><br>Claonadh a d'fhéadfadh a bheith sa chatagóiriú | **Uirlisí úsáideacha**<br>RESIN modheolaíocht agus treoir maidir le geallsealbhóirí a mhapáil; geallsealbhóirí a chatagóiriú agus a chur in ord tosaíochta ach leas a bhaint as **anailís ar líonraí sóisialta**; róil agus freagrachtaí a shannadh ach leas a bhaint as Maitrís RACI.<br><br>**Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>Líonra geallsealbhóirí i **gComhairle Contae Rogaland**; conas éiceachóras nuálaithe a chothú le cur chuige nuálach i **Réigiún Blekinge**; treochlár na ngeallsealbhóirí tábhachtacha i **Réigiún Andalúise**. |
| **Pobail chleachtais** | Geallsealbhóirí; saoránaigh | Bíodh siad rannpháirteach agus téitear i gcomhairle leo maidir le cinntí timthriall pleanála an oiriúnúcháin don athrú aeráide.<br><br>Cuidíonn sé le comhthuiscint, le bunús fianaise a chur le chéile agus le struchtúir rialachais a bhunú den bhun na comhfhoghlama agus na comhoibre. | Straitéis leanúnach rannpháirteachais de dhíth | **Uirlisí úsáideacha**<br>**Treoirleabhar um Chomhphobail Chleachtais AE-JRC**; Alt faoi leith ar **phobail chleachtais agus athrú aeráide**.<br><br>**Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>**COP Réigiúnach in Centre-Val de Loire** chun gníomhartha a dhéanamh d'uaillmhianta comhshaoil; **Tionscadal Chathair Uisce Dhigiteach an AE** ag a bhfuil pobal cleachtais atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide don earnáil uisce agus do theicneolaíochtaí nua. |
| **Tionól aeráide** | Saoránaigh | Rannpháirteachas rathúil a chinntiú.<br><br>Tá sé ríthábhachtach chun spás slán a chruthú le haghaidh díospóireachta agus machnaimh, tacaíocht pholaitiúil, úinéireachta ar shaincheisteanna, agus feasacht a mhúscailt faoi phleananna oiriúnúcháin. | Riachtanais mhóra eagraíochtúla agus lóistíochta | **Uirlisí úsáideacha**<br>Tacar uirlisí don Tionól Aeráide agus don Saotharlann Bheo ón AE **tionscadal CLIMAS**; acmhainní ar Thionól Aeráide in **KNOCA** (Líonra Eolais ar Thionóil Aeráide).<br><br>**Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>Eispéiris spreagúla in **Westminster**, **Albain**, **Kraków**, **An Chatalóin**, **Milano**, **Cambridge**, agus **Zagreb**. |
| **Scéalaíocht** | Saoránaigh | Tionchair aeráide a chur in iúl le scéalaíocht.<br><br>Éifeachtach chun scéala faoi oiriúnú a chur in iúl, feasacht a mhúscailt agus comhfhoghlaim. | Braitheann éifeachtacht ar chaighdeán na hinsinte | **Uirlisí úsáideacha**<br>**Tionscadal ParCos**; **Léarscáil scéal aeráide Ambrogio agus Gaia**.<br><br>**Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>Taithí scéalaíochta i **Nantes Metropole**; **Uirlis Scéalaíochta Aeráide** ó réigiún Auvergne-Rhône-Alpes Énergie Environnement (AURA-EE). |
| **Siúlóid aeráide** | Saoránaigh | Rannpháirteachas saoránach trí eispéiris idirghníomhacha.<br><br>Éascaíonn sé feasacht a mhúscailt agus comhfhoghlaim maidir le hoiriúnú ar bhealach tarraingteach. | Ag brath ar an aimsir, seans nach mbeadh gach lucht éisteachta/féachana rannpháirteach | **Uirlisí úsáideacha**<br>**Siúlóid Cathrach Aeráide** den Chomhaontú Aeráide; **tionscadal Shiúlóid Aeráide agus Eachtraithe an Domhain Athraithigh**.<br><br>**Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>tAn Siúlóid Aeráide i **gCathair Graz**. |
| **Féile aeráide** | Saoránaigh | Malartú eolais agus comhfhoghlaim ach saoránaigh a bheith rannpháirteach trí imeachtaí ealaíne, trí sheónna agus trí thaispeántais idirghníomhacha. Úsáideach chun feasacht a mhúscailt, tacaíocht pholaitiúil a chothú, agus lucht féachana/éisteachta mór leathan a mhealladh. | Iarracht mhór eagraíochtúil | **Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>Féilte aeráide i **nGaillimh** agus i **nDún Éideann**; féile seirbhísí aeráide agus nuálaíochta Féile **ClimateEurope2 i na Veinéise**; **Féile Climax i mBordeaux**. |
| **Oiliúint athléimneachta gnó** | Geallsealbhóirí | Cláir nó gníomhaíochtaí a chuireann le cumas gnólachtaí chun leochaileachtaí a mheas agus straitéisí oiriúnúcháin a fhorbairt. | Tugann sé cumhacht le heolas agus le huirlisí.<br>Bíonn rannpháirteachas agus acmhainní leanúnacha de dhíth. | **Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>**Alba le ceardlanna do ghnólachtaí beaga atá buailte ag creimeadh cósta**. |

## PRÍOMHPHOINTÍ MACHNAIMH AGUS STRAITÉIS RANNPHÁIRTEACHAIS AGUS CUMARSÁIDE Á FORBAIRT AGAT

### LEAG AMACH DO CHUSPÓIRÍ AGUS SLATA TOMHAIS NA RATHÚLACHTA

- Sonraigh do chuspóirí sonracha don rannpháirteachas geallsealbhóirí agus saoránach agus do chumarsáid leo, de réir mar is cuí do gach céim de RAST
- Sonraigh mar a thomhaisfidh tú rathúlacht na ngníomhaíochtaí rannpháirteachais agus cumarsáide.

### SONRAIGH NA DAOINE A CHAITHFIDH A BHEITH PÁIRTEACH AGUS NA CÉIMEANNA INA MBEIDH SIAD PÁIRTEACH

- Bain úsáid as maitrís tionchair-leasa agus maitrís RACI chun na príomh-gheallsealbhóirí agus na príomhshaoránaigh nach mór duit dul i gcomhairle leo a aithint. Cabhróidh sé seo le tiomantas polaitiúil fadtéarmach a chinntiú agus rialachas éifeachtach a bhunú do phleanáil agus do chur i bhfeidhm an oiriúnúcháin. Cinntíonn sé ábharthacht, inchreidteacht agus dlisteanacht do phlean, freisin. Ina theannta sin, cuidíonn sé leat daoine a shonrú a bhfuil a dtuiscint agus a dtacaíocht riachtanach chun go n-éireoidh leis an gcur i bhfeidhm.
- Beidh roinnt geallsealbhóirí agus saoránach ábhartha do gach céim de phróiseas pleanála an oiriúnúcháin, agus ní bheidh cuid eile ábhartha ach do chéimeanna faoi leith. Agus tú ag tosú ar gach céim eile, moltar duit athbhreithniú a dhéanamh ar na geallsealbhóirí ba chóir a bheith páirteach iontu. I gCéimeanna 2, 3 agus 4, áireofar leo-san daoine a gcaithfidh ionchur a bheith acu mar gheall ar a bhfreagrachtaí, a gcuntasachtaí nó a saineolas maidir leis na hearnálacha a dtabharfaidh aghaidh orthu le do mheasúnuithe ar leochaileachtaí, ar rioscaí agus roghanna oiriúnaithe aeráide. I gCéim 5 agus pleananna cur chun feidhme á bhforbairt, áireofar ar na daoine a mbeidh baint acu leis an tionscadal eagraíochtaí agus daoine aonair a gcaithfidh ionchur a bheith acu mar chomhpháirtithe forfheidhmithe nó mar mhaoinitheoirí féideartha.

### RANNPHÁIRTEACHAS INBHUANAITHE A CHOTHÚ

- Sonraigh gníomhaíochtaí cuí rannpháirteachais agus uirlisí gaolmhara chun geallsealbhóirí agus saoránaigh san earnáil phoiblí agus phríobháideach le haghaidh rannpháirteachais ach treochlár imlíneach de ghníomhaíochtaí rannpháirteacha a fhorbairt do gach céim de RAST (Féach Fíor 2).
- Soiléirigh na buntáistí a bhaineann le rannpháirteachas do d'údarás réigiúnach nó áitiúil, do gheallsealbhóirí agus do shaoránaigh, lena n-áirítear ionchais a bhainistiú agus comhbhraistint pobail a chothú.
- Leag amach na hacmhainní riachtanacha agus an fad ama a bhfuiltear ag súil leis do gach gníomhaíocht rannpháirteach. Tabhair do d'aire go mb'fhéidir gur ghá fad ama an phróisis rannpháirteachais a athrú le himeacht ama.

### CINNTIGH CUMARSÁID ÉIFEACHTACH

- Sonraigh príomhtheachtaireachtaí, spriocluchtféachana/éisteachta, agus bealaí cuí cumarsáide, ag gach céim de RAST.
- Déan an chumarsáid a oiriúnú do thosaíochtaí, d'ábhar imní agus do spreagthaí na ngeallsealbhóirí.
- Bain úsáid as formáidí atá soiléire, tarraingteach agus mealltach ó thaobh amhairc de chun tuiscint agus rannpháirteachas a fheabhsú.



Cruinniú Geallsealbhóirí na Comhairle Bardasach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CMAC) Torres Vedras, Márta 2024

Fíor 2: Sampla de straitéis rannpháirteachais agus cumarsáide ina bhfuil sonraí faoi na gníomhaíochtaí rannpháirteachais ag céimeanna éagsúla RAST

**2025**

**Céim 1** – An tslí a réiteach don oiriúnú
- **CUMARSÁID** chun an próiseas a sheoladh
- **GRÚPAÍ FÓCAIS** bunaithe

→ **Céim 2** – Rioscaí agus leochaileachtaí aeráide a mheas
- **GRÚPAÍ FÓCAIS** ag déanamh ionchur chun leochaileachtaí agus rioscaí a shonrú
- **CEARDLANN** chun measúnú riosca a bhailíochtú

→ **Céim 3** – Roghanna oiriúnúnúcháin a shonrú
- **GRÚPAÍ FÓCAIS** ag déanamh ionchur chun roghanna oiriúnúcháin a shonrú

→ **Céim 4** – Roghanna oiriúnúcháin a mheas agus a roghnú
- **CEARDLANN** chun tosaíocht a thabhairt do roghanna oiriúnúcháin

**2026**

→ **Céim 5** – Beartais agus gníomhartha oiriúnúcháin a chur i bhfeidhm
- **COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ** maidir le dréachtphlean/ straitéis oiriúnúcháin
- **CUMARSÁID** i ndáil leis an bplean/straitéis deiridh oiriúnúcháin
- **GRÚPAÍ FÓCAIS** ag déanamh ionchur i bhforbairt phleananna forfheidhmiúcháin
- **CUMARSÁID** faoi fhorfheidhmiú

→ **Céim 6** – Monatóireacht, meastóireacht agus foghlaim
- **EOLAÍOCHT SHLUAFHOINSITHE** a chuireann le monatóireacht

# CÉIMEANNA 2, 3, AGUS 4: RIOSCAÍ AGUS LEOCHAILEACHTAÍ AERÁIDE A MHEAS AGUS ROGHANNA OIRIÚNÚCHÁIN A SHONRÚ, A MHEASÚNÚ AGUS A ROGHNÚ

**Conas an chuid seo a léamh:**

Ar an gcéad dul síos, déan athbhreithniú ar na cuspóirí chun fócas na coda seo a thuiscint, ina mínítear conas is féidir le geallsealbhóirí agus saoránaigh a bheith páirteach le linn Chéimeanna 2, 3, agus 4 de RAST. Cuireann na céimeanna seo deiseanna ar fáil chun ionchur i do mheasúnuithe ar rioscaí aeráide agus roghanna oiriúnúcháin a fháil agus chun iad a bhailíochtú. Cuirtear gníomhaíochtaí sonracha rannpháirteachais agus uirlisí gaolmhara i láthair sa chuid seo ar féidir iad a úsáid chun teacht ar gheallsealbhóirí agus ar shaoránaigh, chun iad a nascadh agus a bheith rannpháirteach.

**Cuspóirí na coda seo:**

- Mínítear conas is féidir dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus le saoránaigh le linn Chéimeanna 2, 3, agus 4 de RAST.
- Leagann sé béim ar ghníomhaíochtaí rannpháirteacha agus ar uirlisí gaolmhara le haghaidh rannpháirteachas geallsealbhóirí agus saoránach, lena n-áirítear samplaí de dhea-chleachtais
- Leagann sé béim ar an ngá atá le hionchais a bhainistiú chun tacú le cinnteoireacht agus comhthuiscint a chothú i rith na gcéimeanna seo do ghrúpaí leochaileacha.




Sna céimeanna seo, is féidir leat dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus le saoránaigh chun do straitéis nó do phlean oiriúnúcháin aeráide a fheabhsú ach:

- Ionchur a lorg do do **mheasúnú ar leochaileacht agus riosca aeráide**, an measúnú sin a bhailíochtú agus a mhionleasú, roghanna oiriúnúcháin a aithint, agus roghanna oiriúnúcháin a roghnú agus a chur in ord tosaíochta do do straitéis nó do do phlean agus iad a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin.
- Ábharthacht, inchreidteacht agus dlisteanacht na ngníomhartha oiriúnúcháin a roghnaítear a chinntiú, agus comhthuiscint, tiomantas agus fonn i leith a gcur i bhfeidhm.

# CÉIMEANNA 2, 3, AGUS 4:
## RIOSCAÍ AGUS LEOCHAILEACHTAÍ AERÁIDE A MHEAS AGUS ROGHANNA OIRIÚNÚCHÁIN A SHONRÚ, A MHEASÚNÚ AGUS A ROGHNÚ

### GRÚPAÍ FÓCAIS AGUS CEARDLANNA

Tugann grúpaí fócais deis chun ionchur agus bailíochtú a fháil maidir le hearnálacha nó téamaí aonair, go háirithe ó dhaoine atá freagrach, cuntasach nó a bhfuil saineolas faoi leith acu ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ó thríú hearnálacha. Ina dhiaidh sin, is féidir deiseanna a sholáthar chun sineirgí agus comhréitigh a shonrú agus a réiteach ar fud earnálacha agus téamaí ach na grúpaí fócais aonair sin go léir a thabhairt le chéile i gceardlanna. Áirítear leis seo aghaidh a thabhairt ar thionchair indíreacha, ar fhor-iarmhairtí, agus ar mhí-oiriúnú féideartha.

Ar mhaith le malartú eolais, le foghlaim shóisialta agus le comhchruthú smaointe nua, moltar ceardlanna amhail **World Café**, **Fish Bowl**, cleachtaí rólghlactha agus **Pro Action Café**. Cruthaíonn na modhanna seo spásanna oscailte agus idirghníomhacha le haghaidh idirphlé, rud a chabhraíonn le dearcthaí éagsúla agus comhthuiscint a ghiniúint.

### SUIRBHÉANNA AR SHAORÁNAIGH

Is féidir leat suirbhéanna a fhorbairt chun dul i gcomhairle le saoránaigh faoina dtuairimí, faoina n-ábhar imní agus faoina n-inspreagadh i dtaca le leochaileachtaí, rioscaí agus roghanna oiriúnúcháin don aeráid. I measc samplaí tá **suirbhé ar athrú aeráide in Valladolid - ES**, **Suirbhé an tionscadail KNOWING EU maidir le déileáil leis an athrú aeráide**, agus an **suirbhé ar shaoránaigh i dtionscadal IMPETUS i seacht réigiún bithaeráide ar fud na hEorpa**. Tá sé ríthábhachtach tuiscint a fháil ar thuairimí, ar ábhair imní agus ar spreagthaí comhchoiteanna chun do straitéis nó do phlean oiriúnúcháin don athrú aeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go rathúil. Is féidir leis léargas luachmhar a thabhairt duit ar bhacainní féideartha ar ghníomhartha oiriúnúcháin agus cabhrú leat do straitéis nó do phlean oiriúnúcháin don athrú aeráide a fhorbairt, plean a bheadh ag teacht le riachtanais agus ionchais na saoránach, rud a mhéadaíonn ábharthacht an phlean agus meas na saoránach air.

### SAOTHARLANNA BEO

Is timpeallacht tástála fíorshaoil í saotharlann bheo ina ndéantar réitigh a chomhchruthú, a thástáil agus a mhionleasú. Is féidir leis cómheasúnú ar rioscaí aeráide agus ar roghanna oiriúnúcháin a chumasú i measc na ndaoine sin atá i mbaol agus/nó a d'fhéadfadh leas a bhaint as réitigh bheartaithe.

Is sampla maith é tionscadal **FEAST** an AE, a úsáideann timpeallachtaí turgnamhacha atá dírithe ar an úsáideoir ionas go mbeadh grúpaí leochaileacha rannphairteach chun a léargais a fháil d'fhonn dul i ngleic le bacainní geilleagracha agus geografacha maidir le haistí bia inbhuanaithe a ghlacadh. Tá daoine eile ag obair ar **imní faoin aeráid** a athrú ina ábhar cumhachtúcháin, amhail tionscadail **CALM-EY** agus **EMBRACE** sa Liotuáin, san Iodáil agus sa Ghréig, a dhíríonn ar fhreagairtí mothúchánacha ar an athrú aeráide agus a fhéachann le comhfhoghlaim agus athléimneacht a chothú. Déanann na saotharlanna beo seo imní a chlaochlú ina rannpháirtíocht réamhghníomhach, rud a chinntíonn go gcuirtear folláine mhothúchánach san áireamh agus rioscaí agus leochaileachtaí tábhachtacha á measúnú, go leagtar síos tosaíochtaí agus cuspóirí oiriúnúcháin, agus go roghnaítear roghanna cuí oiriúnúcháin den éascú oilte agus cumhachtú pobail.

### UIRLISÍ RANNPHÁIRTEACHAIS

Tá an iliomad uirlisí rannpháirteachais ann a bhfuil teist orthu (cuir i gcás **Treoir MSP**) is féidir le grúpaí fócais nó ceardlanna geallsealbhóirí a úsáid chun bailíochtú nó ionchur breise sna measúnuithe leochaileachta agus riosca a éascú. Uirlisí dá leithéidí aislingiú, **Fadhb Pheinteagánach**, **mapáil rannpháirteachais**, **ciorcail staidéir**, agus is féidir le mapáil chognaíoch a bheith úsáideach chun nithe atá i gcoiteann idir daoine á bhunú. Chomh maith leis na huirlisí rannpháirteachais seo, cuireann formáidí struchtúrtha eile amhail saotharlanna nuálaíochta comhoibríocha timpeallachtaí tiomnaithe ar fáil do phríomhgheallsealbhóirí (lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, taighdeoirí, lucht déanta beartas agus gnólachtaí) chun réitigh a chomhfhorbairt agus a fhréamhshamhlú. Éascaíonn na saotharlanna seo réiteach cruthaitheach fadhbanna trí chomhoibriú idirdhisciplíneach agus turgnamhaíocht athchleachtach a chothú. Ar roghanna eile tá féilte haiceála (hackathon), ar imeachtaí diana iad atá teoranta ó thaobh ama de ina ndéanann foirne éagsúla réitigh nuálacha ar dhúshláin shonracha a dhearadh agus a thástáil go tapa.

Tugann siad saineolaithe teicniúla, cleachtóirí, lucht cinnteoireachta le chéile, agus is féidir leo smaointe a ghiniúint agus dlús a chur faoi straitéisí praiticiúla oiriúnúcháin a fhorbairt.

Tá uirlisí ann freisin chun cabhrú leat ionchais faoi róil agus faoi mhianta a bhainistiú, peirspictíochtaí éagsúla a thabhairt isteach sa chinnteoireacht agus comhthuiscint a chothú chun tabhairt faoi ghníomh maidir le roghanna oiriúnúcháin a roghnú agus a chur in ord tosaíochta, lena n-áirítear **anailís ilchritéir rannpháirteachais**, **fóraim oscailte**, agus **round-robin**. Cuireann an anailís ilchritéir rannpháirteachais ar chumas geallsealbhóirí a bheith páirteach go gníomhach i gcritéir mheastóireachta a shainiú, tábhacht choibhneasta a shannadh do na critéir seo, agus roghanna oiriúnúcháin éagsúla a scóráil. Trí cheardlanna, plé machnamhach, agus cleachtaí idirghníomhacha, is féidir le geallsealbhóirí, lena n-áirítear lucht déanta beartas, pobail áitiúla, gnólachtaí, taighdeoirí, a dtosaíochtaí a chur in iúl agus teacht ar thuiscint chomhroinnte ar na straitéisí oiriúnúcháin is éifeachtaí agus is indéanta. Tá an uirlis rannpháirteachais seo ríthábhachtach do Chéim 4 agus cinntíonn sé go léiríonn cinntí ilpheirspictíochtaí, go bhfeabhsaíonn siad dlisteanacht, agus go méadaíonn siad úinéireacht áitiúil ar na gníomhartha roghnaithe.

Cuirtear gníomhaíochtaí rannpháirteachais eile i láthair i dTábla 2. Ba chóir go dtreoródh do chuspóirí i ndáil le rannpháirteachas geallsealbhóirí agus saoránach agus le cumarsáid leo i gCéimeanna 2, 3 agus 4 do rogha gníomhaíochtaí rannpháirteachais.




Cruinniú Tionscnaimh Chomhairle Chathrach Setúbal ar an gComhshaol (CME), Meán Fómhair 2024

## CÉIMEANNA 2, 3, AGUS 4:
### RIOSCAÍ AGUS LEOCHAILEACHTAÍ AERÁIDE A MHEAS AGUS ROGHANNA OIRIÚNÚCHÁIN A SHONRÚ, A MHEASÚNÚ AGUS A ROGHNÚ

Tábla 2. Gníomhaíochtaí rannpháirteachais molta ionas go mbeadh geallsealbhóirí agus saoránaigh rannpháirteach i gCéimeanna 2, 3, agus 4: Rioscaí agus leochaileachtaí aeráide a mheasúnú, agus roghanna oiriúnúcháin a shonrú, a mheasúnú agus a roghnú

| Gníomhaíocht rannpháirteach | Spriocghrúpa | Cén fáth a n-úsáidfí an ghníomhaíocht seo i gCéimeanna 2, 3 agus 4? | Ábhar Machnaimh | Samplaí d'uirlisí úsáideacha, agus de dhea-chleachtais agus d'eispéiris |
|---|---|---|---|---|
| **Ceardlann rannpháirteachais** | Geallsealbhóirí; saoránaigh | Rioscaí agus leochaileachtaí aeráide a shonrú (Céim 2), roghanna oiriúnúcháin a iniúchadh (Céim 3), agus bearta a mheas/a roghnú (Céim 4) ach comhfhoghlaim, éisteacht ghníomhach agus uirlisí sonracha agus teicnící éascaithe rannpháirteachais a chothú. | Dúshláin chomhordúcháin agus éascúcháin | **Uirlisí úsáideacha**<br>Cruthaigh do thodhchaí – **Ceardlann rannpháirteachais** chun spriocanna a chruthú le haghaidh iarrachtaí oiriúnaithe aeráide; **rólghlacadh** insamhaltaí le haghaidh cinnteoireachta maidir le hathrú aeráide; tacú le cinntí oiriúnúcháin de bhun **pleanáil cnámha scéil**; An **Leagan 5 den Treoirleabhar TransformAr** maidir le ceardlann rannpháirteachais a eagrú a úsáidtear i réigiúin agus i gcathracha éagsúla san Eoraip.<br><br>**Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>**An tionscadal 'Scenarios for a sustainable Europe in 2050'**; ceardlanna rannpháirteachais de chuid **thionscadal REXUS an AE**; ceardlann **ar dhúshláin agus ar dheiseanna don oiriúnú aeráide ar fud Copernicus, breathnú an Domhain agus an tírdhreach beartais**; **tionscadal ISWEL**, i bpleanáil oiriúnaithe cnámha scéil. |
| **Grúpaí Fócais** | Saoránaigh | Éifeachtach le haghaidh domhain-phlé chun mion-iniúchadh a dhéanamh ar rioscaí aeráide (Céim 2), ionchur a bhailiú maidir le roghanna féideartha oiriúnúcháin (Céim 3), agus critéir roghnúcháin a bheachtú (Céim 4). | Seans nach léireodh sé tuairimí an phobail níos leithne | **Uirlisí úsáideacha**<br>**EIP-AGRI** 46 Ghrúpa Fócais; **Grúpa Fócais ar 'Phleananna Aistrithe um Athrú Aeráide a Mhaolú'**.<br><br>**Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>**Grúpa Fócais CREST** maidir le hAthléimneach an Bhonneagair Uirbigh i leith an Athraithe Aeráide in Bordeaux. |
| **Feachtas múscailte feasachta** | Geallsealbhóirí; saoránaigh | Tábhachtach chun an bonn fianaise a chothú, feasacht an phobail a mhéadú agus faisnéise a mhalartú maidir le rioscaí aeráide (Céim 2).<br><br>Roghanna féideartha oiriúnúcháin a chur chun cinn (Céim 3), agus tacaíocht na ngeallsealbhóirí a fháil do bhearta roghnaithe (Céim 4). | Bíonn iarracht leanúnach de dhíth chun rannpháirtíocht a chothabháil | **Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>'**Is tusa a rialaíonn an Aeráid**', feachtas a sheol an Coimisiún Eorpach; feachtas feasachta poiblí '**Maireann an Ísiltír le hUisce**' (**físeán**); **Clár Chathair um Shábháil Uisce Zaragoza**. |
| **Suirbhé ar Shaoránaigh** | Saoránaigh | Raon leathan tuairimí a bhailiú maidir le rioscaí agus leochaileachtaí aeráide (Céim 2), tacaíocht do roghanna oiriúnúcháin a thomhas (Céim 3), agus eolas a chur ar fáil maidir le bearta a roghnú (Céim 4). | Doimhneacht theoranta léargais, claonadh féideartha, ní mór teacht ar phobail faoi leith | **Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>Suirbhéanna ar thuairimí aeráide a rinne rialtais áitiúla, amhail an suirbhé a sheol **Tionscadal IMPETUS arna mhaoiniú don AE**; **comhairliúchán oscailte an Choimisiúin Eorpaigh ar straitéis an AE maidir le hoiriúnú don athrú aeráide**; suirbhéanna ar shaoránaigh in **Dresden** agus **Valladolid**; suirbhé tionscadail **KNOWING** an AE. |
| **Saotharlanna beo** | Geallsealbhóirí; saoránaigh | Cómheasúnú i dtimpeallacht fíorshaoil ar rioscaí aeráide agus roghanna oiriúnúcháin (Céim 2 agus Céim 3), agus mionchoigeartú atriallach ar bhearta roghnaithe (Céim 4). | Casta a shocrú, bíonn bainistíocht leanúnach de dhíth | **Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>**EuCliPa** cumann aeráide agus a shaotharlanna; saotharlanna beo le haghaidh oiriúnú aeráide an **tionscadal SCORE**; saotharlana beo **ECO-READY**; saotharlanna beo **I-CISK** a fhorbraíonn seirbhísí aeráide atá dírithe ar an duine trí thaighde gníomhaíochta i láithreacha móra athraithe aeráide na hEorpa agus na hAfraice. |
| **Féilte haiceála** | Geallsealbhóirí | Roghanna nuálacha oiriúnúcháin a ghiniúint (Céim 3) agus cómheastóireacht ar bhearta féideartha (Céim 4). | Tiomantas mór ama de dhíth, éascaíocht de dhíth | **Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>Féilte haiceála chun réitigh theicneolaíochta aeráide a fhorbairt amhail **windeurope hackathon**, **climate hackathon** agus do **shaoránaigh agus do thaighdeoirí**; tá an tionscnamh '**EU Sparks for Climate**' ag eagrú sraith féilte haiceála ar líne i roinnt tíortha. |
| **Anailís ilchritéir rannpháirteachais** | Geallsealbhóirí | Tá sé ríthábhachtach roghanna oiriúnúcháin a bheachtú, a mheas agus a roghnú bunaithe ar chritéir chomhaontaithe (Céim 4) i bpróiseas comhchinnteoireachta. | Bíonn saineolas ar chritéir agus ar anailís de dhíth | **Uirlisí úsáideacha**<br>**BCNUEJ, Áis Cinnteoireachta Ilchritéir Rannpháirteachais (MCDA)**. |

# CÉIM 5: BEARTAIS AGUS GNÍOMHARTHA OIRIÚNÚCHÁIN A CHUR I BHFEIDHM

**Conas an chuid seo a léamh:**

Ar an gcéad dul síos, déan athbhreithniú ar na cuspóirí chun tuiscint a fháil ar an ngá atá ann geallsealbhóirí agus saoránaigh a mhealladh le linn Céim 5 de RAST, a dhíríonn ar chur i bhfeidhm. Moltar gníomhaíochtaí rannpháirteachais agus uirlisí praiticiúla, maidir le rannpháirteachas geallsealbhóirí agus saoránach agus cumarsáid a dhéanamh leo chun straitéisí oiriúnúcháin, pleananna agus pleananna costasaithe forfheidhmiúcháin a fhorbairt, foinsí maoiniúcháin a shonrú, agus gníomhartha oiriúnúcháin a chur i bhfeidhm.

**Is iad cuspóirí na coda seo:**

- A mhíniú conas is féidir le geallsealbhóirí ón earnáil phoiblí, phríobháideach agus ó thríú hearnálacha agus le saoránaigh a bheith rannpháirteach le linn Chéim 5 de RAST.
- Aibhsigh gníomhaíochtaí rannpháirteachais chun costas a fhorbairt do phleananna forfheidhmiúcháin, chun foinsí maoiniúcháin a shonrú, agus geallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha tábhachtacha a bheith páirteach i mbeartais a chur i bhfeidhm.
- Cuir uirlisí, samplaí de chreata agus de thaithí ar fáil chun comhoibriú agus comhthuiscint a chothú, buiséadú rannpháirteach, agus samplaí eile chun idirphlé struchtúrtha agus obair chomhchoiteann a chothú le haghaidh gníomh agus cur i bhfeidhm rathúil oiriúnúcháin.




Tá sé ríthábhachtach geallsealbhóirí agus saoránaigh a bheith rannpháirteach i gcur i bhfeidhm beartas agus gníomhartha oiriúnaithe aeráide chun a n-éifeachtacht a chinntiú. Sa chéim seo, is féidir leat geallsealbhóirí agus saoránaigh a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna nithe seo a leanas:

- Pleananna cur chun feidhme a ngabhann costas leo a fhorbairt le haghaidh na ngníomhaíochtaí oiriúnúcháin beartaithe
- Foinsí ábhartha maoinithe agus airgeadais a shonrú, agus
- Pleananna um chur chun feidhme beartais a fhorbairt.

## PLEANANNA GNÍMH UM FHORFHEIDHMIÚ OIRIÚNÚCHÁIN

Agus pleananna um fhorfheidhmiú á bhforbairt agat, beidh sé tábhachtach go mbeidh na daoine seo a leanas rannpháirteach:

- Ceannairí oibríochtúla ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach nó ó thríú hearnálacha a bheidh freagrach nó cuntasach as a gcur i bhfeidhm
- Saineolaithe a bhfuil eolas ábhartha sonrach acu, m.sh. ar chaighdeáin, ar shonraíochtaí nó ar dhea-chleachtais
- Geallsealbhóirí agus saoránaigh ar féidir leo cur lena gcur i bhfeidhm ar bhealach éigin

Beidh sé tábhachtach freisin go gcuirfidh tú na saoránaigh sin ar fad a bhféadfadh cur i bhfeidhm na bpleananna sin dul i gcion orthu nó a d'fhéadfadh leas a bhaint astu ar an eolas.

## PRÓISIS RANNPHÁIRTEACHAIS A FORBRAÍODH I DTIONSCADAIL A MHAOINIGH AN TAE

Is féidir le pleananna gnímh um fhorfheidhmiú oiriúnúcháin, lena n-áirítear aon fhorbairt riachtanach ar an timpeallacht chumasúcháin (amhail reachtaíocht, rialáil, beartais, straitéisí, pleananna nó dreasachtaí), a bheith ina bpróiseas ina ndéanann rannpháirtithe éagsúla plé agus machnamh ar shaincheisteanna sonracha chun idirphlé cuimsitheach agus struchtúrtha a chinntiú. D'fhéadfadh gurbh é a bheadh i gceist sa phróiseas seo plé eolasach a éascú, comhthuiscint a chothú, agus peirspictíochtaí éagsúla a chomhtháthú chun a chinntiú go bhfuil na gníomhartha agus na pleananna a eascraíonn as sin cuimsitheach agus go dtacaítear leo go forleathan. Is féidir leat samplaí de chreata a d'fhorbair tionscadail a mhaoinigh an tAE, eadhon **PHOENIX** and **REAL DEAL** a fheiceáil, mar aon le huirlisí rannpháirteachais, amhail **Idirphlé pobail**, chun tuilleadh inspreagtha a fháil. Moltar uirlisí eile freisin, amhail feachtais abhcóideachta aeráide agus Taighde Rannpháirteach Pobalbhunaithe, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as rannpháirteachas agus chun cinnteoireacht chomhoibríoch a chothú.

## BUISÉID GHLASA RANNPHÁIRTEACHAIS

Chun pleananna costasaithe forfheidhmiúcháin a fhorbairt, is féidir próiseas comhchinnteoireachta a bheith ag gabháil le Céim 5 le **buiséadú glas rannpháirteachais**. Léiríodh é sin i **Liospóin** agus in **Barcelona** agus saoránaigh rannpháirteach go díreach i leithdháileadh acmhainní do thionscadail aeráide. Chun léargais agus smaointe éagsúla a bhailiú ó gheallsealbhóirí faoi fhoinsí ábhartha maoiniúcháin agus airgeadais chun beartais oiriúnaithe don athrú aeráide a chur i bhfeidhm, is féidir leat gníomhaíochtaí rannpháirteachais a úsáid (amhail buiséadú rannpháirteachais, ceardlanna geallsealbhóirí, fóraim bhreithniúcháin, grúpaí fócais, taighde rannpháirteach pobalbhunaithe, nó cruinnithe poiblí). Chun cabhrú leat tuiscint a fháil ar na roghanna maoiniúcháin agus airgeadais atá ar fáil, tugann **an treoir seo** foinsí agus ionstraimí, amhail deontais, comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, sluachistiú, agus cistí daonchairdiúla, agus mínítear gach ceann acu leis na buntáistí a bhaineann le cinnteoireacht eolasach.

## DREASACHTAÍ

Ag Céim 5, is féidir leat dul i mbun oibre le grúpaí agus líonraí gnímh áitiúla atá ann cheana féin (mar shampla, líonra AdaptLocal agus tionscnamh ó **Comhairle Cathrach Cascais**, an Phortaingéil) nó a mbunú a spreagadh mura bhfuil siad bunaithe cheana féin. Ina theannta sin, agus bearta oiriúnúcháin á gcur i bhfeidhm agat, is féidir leat úsáid a bhaint as **dreasachtaí** amhail Ionstraimí Beartais Chomhshaoil (EPI) nó Nudge (féach an **Tionscadal AE Nudge le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh**), chomh maith le micridheontais ar féidir leo athrú iompraíochta a spreagadh agus tacú le spriocanna comhchoiteanna (féach Tábla 3).



TTábla 3. Gníomhaíochtaí molta rannpháirteachais ionas go mbeadh geallsealbhóirí agus saoránaigh rannpháirteach i gCéim 5: Beartais agus gníomhartha oiriúnúcháin a chur i bhfeidhm

| Gníomhaíocht rannpháirteach | Spriocghrúpa | Cén fáth a n-úsáidtear an uirlis seo i gCéim 5? | Ábhar Machnaimh | Samplaí d'uirlisí úsáideacha, agus de dhea-chleachtais agus d'eispéiris |
|---|---|---|---|---|
| **Buiséad glas rannpháirteachais** | Saoránaigh | Comhchinnteoireacht maidir le leithdháileadh buiséid ach saoránaigh a bheith páirteach chun a chinntiú go n-úsáidtear cistí le haghaidh bearta oiriúnúcháin. Cuidíonn sé le tosaíocht a thabhairt do ghníomhartha bunaithe ar riachtanais an phobail agus ar ghnéithe comhthéacsúla. | Baineann castacht le buiséádú agus le bainistiú airgeadais | **Uirlisí úsáideacha**<br>Teoiric Athraithe an Bhuiséadaithe Rannpháirtigh mar uirlis chun athruithe a thuiscint.<br>**Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>Eispéiris ar Bhuiséad Glas Rannpháirteachais ó Albain, i Liospóin, in Barcelona. |
| **Feachtas abhcóideachta aeráide** | Geallsealbhóirí; Saoránaigh | Abhcóideacht ar son pleananna oiriúnúcháin a chomhtháthú i mbeartais níos leithne, ar son feasacht a mhúscailt agus tacaíocht pholaitiúil a fháil do bhearta oiriúnúcháin. | Bíonn straitéisí láidre cumarsáide de dhíth | **Uirlisí úsáideacha**<br>Cur síos ar straitéisí abhcóideachta in Climate-ADAPT.<br>**Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>Cruinniú Mullaigh na Vallúine deClimate Chance Europe 2024.<br>Clár Trédhearcachta Eorpach – Parlaimint na hEorpa. |
| **Dreasachtaí** | Geallsealbhóirí; Saoránaigh | Dreasachtaí a chur i bhfeidhm chun athrú iompraíochta a spreagadh agus geallsealbhóirí agus saoránaigh a spreagadh agus a bheith rannpháirteach i mbearta oiriúnúcháin a chur i bhfeidhm agus a ghlacadh. | Bíonn monatóireacht agus meastóireacht éifeachtach de dhíth | **Uirlisí úsáideacha**<br>An cur síos ar dhreasachtaí eacnamaíocha um athrú iompraíochta in Climate-ADAPT.<br>An tionscadal WEATHER a mhaoiníonn FP7 agus dreasachtaí le haghaidh oiriúnú iompair agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu.<br>Spléachadh ar ionstraimí eacnamaíocha i dtionscadal EPI-Water an AE. |
| **Cruinnithe poiblí** | Geallsealbhóirí; Saoránaigh | Faisnéis a roinnt faoi phleananna oiriúnúcháin agus ionchur comhchoiteann a bhailiú le haghaidh cinnteoireachta. Cinntíonn sé seo trédhearcacht agus rannpháirtíocht leathan an phobail. | Seans go mbeidh tinreamh íseal ann, bíonn éascú maith de dhíth. | **Dea-chleachtais agus eispéiris**<br>Seisiún iomlánach Benidorm Plean Oiriúnúcháin na Comhairle Cathrach don Athrú Aeráide.<br>Fóram Eacnamaíoch Domhanda Poiblí: weforum.<br>Cathair Chónaidhme Bonn, i gcomhar le ICLEI, ag óstáil Daring Cities, fóram domhanda a chumhachtaíonn ceannairí uirbeacha agus lucht cinnteoireachta chun dul i ngleic leis an éigeandáil aeráide. |
| **Taighde rannpháirteach pobalbhunaithe (CBPR)** | Saoránaigh | Saoránaigh a bheith páirteach i gcomhanailís ar bhearta oiriúnúcháin agus tacú le comhfhoghlaim ach gníomhartha oiriúnúcháin níos eolasaí agus níos inglactha a fhorbairt. | Bíonn comhoibriú láidir an phobail de dhíth | **Uirlisí úsáideacha**<br>Bosca uirlisí Ollscoil Girona lena n-áirítear CBPR.<br>CBPR ó Ionad Idirnáisiúnta na Sualainne um dhaonlathas áitiúil. |
| **Grúpaí Gnímh áitiúil ar son na hAeráide** | Saoránaigh | Rannpháirteachas grúpaí áitiúla gnímh a spreagadh chun pobail a bheith páirteach agus comhfhoghlaim a éascú. Tacaíonn sé seo le straitéisí áitiúla oiriúnúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Bíonn spreagadh agus comhordú leanúnach de dhíth | **Uirlisí úsáideacha**<br>Grúpa Áitiúil Gnímh ar son na hAeráide. |
| **Comhpháirtíochtaí Poiblí/ Príobháideacha (PPP)** | Geallsealbhóirí | Comhpháirtíochtaí idir rialtais, údaráis áitiúla agus gnólachtaí chun tionscadail oiriúnúcháin don athrú aeráide a chomhmhaoiniú agus a chur i bhfeidhm. | Maoiniú agus saineolas comhroinnte.<br>Baol idirbheartaíochtaí casta. | **Dea-chleachtais agus taithí**<br>Thames Barrier (RA) le comhpháirtíocht chun Londain a chosaint ar thuilte taoide. |

# CÉIM 6: MONATÓIREACHT, MEASTÓIREACHT AGUS FOGHLAIM

**Conas an chuid seo a léamh:**

Ar an gcéad dul síos déan athbhreithniú ar na cuspóirí, a dhíríonn ar rannpháirtíocht le geallsealbhóirí agus le saoránaigh le linn Chéim 6 de RAST, lena n-áirítear monatóireacht agus meastóireacht ar chur i bhfeidhm pleananna oiriúnaithe aeráide. Tá uirlisí agus tionscadail rathúla agus chumhachtacha sa chuid seo ar féidir leo rannpháirteachas poiblí a spreagadh mar aon le comhchruthú, comhfhoghlaim, agus tacaíocht d'iarrachtaí monatóireachta.

**Cuspóirí na coda seo:**

- Mínigh conas is féidir geallsealbhóirí ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ó thríú hearnáil agus saoránaigh a bheith rannpháirteach i gCéim 6 de RAST.
- Tuiscint a fháil ar conas monatóireacht a dhéanamh ar phróisis, ar aschur agus ar thorthaí, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hamlínte agus deacrachtaí maidir le torthaí a shannadh.
- Aird a tharraingt ar uirlisí chun rannpháirteachas, comhfhoghlaim agus tacaíocht a chothú d'iarrachtaí monatóireachta.
- Tabhair samplaí de thionscadail rathúla a léiríonn rannpháirteachas an phobail i ndul chun cinn a mheas, i leochaileachtaí a laghdú, agus i rannpháirtíocht fhadtéarmach agus cáilíocht sonraí a chinntiú.

**Céim 1**
An tslí a réiteach don oiriúnú

**Céim 2**
Rioscaí agus leochaileachtaí aeráide a mheas

**Céim 3**
Roghanna oiriúnúnúcháin a shonrú

**Céim 4**
Roghanna oiriúnúcháin a mheas agus a roghnú

**Céim 5**
Beartais agus gníomhartha oiriúnúcháin a chur i bhfeidhm

**Céim 6**
Monatóireacht, meastóireacht agus foghlaim

Tá sé sách simplí monatóireacht a dhéanamh ar do phlean oiriúnúcháin don athrú aeráide a chur i bhfeidhm ach díriú ar phróiseas agus aschuir a sheachadadh. Tá monatóireacht ar thorthaí oiriúnaithe aeráide (i.e., maidir le hathruithe ar íogaireacht agus ar chumas oiriúnaitheachta agus dá bhrí sin leochaileacht aeráide, agus maidir le hathruithe ar nochtadh leochaileachtaí agus dá bhrí sin rioscaí aeráide) dúshlánach mar gheall ar nithe seo a leanas:

- An t-am a thógann sé chun gníomhartha oiriúnúcháin a chur i bhfeidhm mar gheall ar a raon feidhme agus a scála.
- An t-am a thógann sé ar ghníomhartha oiriúnúcháin aibiú agus torthaí intomhaiste a sheachadadh, mar a léirítear le crainn agus lena seirbhísí éiceachórais.
- Na deacrachtaí a bhaineann le torthaí a shannadh do ghníomh oiriúnúcháin. D'fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh mar gheall ar an raon leathan athróg a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis mearbhaill agus a d'fhéadfadh feidhmiú ag gach scála agus deacracht maidir le comparáidí analógacha a aithint.
- An fad ama a chaithfear monatóireacht a choinneáil ar siúl, rud a chruthaíonn saincheisteanna praiticiúla maidir le maoiniú fadtéarmach agus úsáid modheolaíochta comhsheasmhacha chun sonraí inchomparáide a tháirgeadh. Dá bhrí sin, is annamh a bhíonn scéimeanna monatóireachta fadtéarmacha rathúil.

Cuidíonn tuairisciú rialta ar dhul chun cinn agus do phlean oiriúnaithe aeráide á chur i bhfeidhm agat le lucht cinnteoireachta agus le geallsealbhóirí i dtaca le muinín agus le do chumas oiriúnaithe. Ach geallsealbhóirí agus saoránaigh a bheith rannpháirteach i gcéim 6, is féidir leat a chinntiú go bhfanfaidh straitéisí oiriúnúcháin dinimiciúil, bunaithe ar fhianaise, trédhearcach, comhoibríoch agus freagrúil do riachtanais chomhthéacsúla.

## GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS SAORÁNAIGH A BHEITH RANNPHÁIRTEACH CHUN OIRIÚNÚ AERÁIDE A FHAIRE AGUS A MHEAS

Is féidir le rannpháirteachas geallsealbhóirí agus saoránach sa chéim seo cabhrú le comhthuiscint ar dhul chun cinn maidir le hoiriúnú a chothú, comhoibriú a chothú, muinín a fheabhsú, agus rannpháirteachas gníomhach a spreagadh i ndáil le straitéisí oiriúnaithe aeráide a shainiú agus a chur i bhfeidhm. Cinntíonn an rannpháirtíocht seo go bhfuil iarrachtaí monatóireachta cuimsitheach, trédhearcach agus freagrúil do rioscaí aeráide a bhíonn de shíor ag athrú.

Conas geallsealbhóirí agus saoránaigh a spreagadh chun páirt a ghlacadh i Monatóireacht, i Meastóireacht agus i bhFoghlaim:

- Cómhonatóireacht a spreagadh: Is féidir le húdaráis phoiblí, leis an earnáil phríobháideach agus leis an tsochaí shibhialta comhoibriú chun dul chun cinn a rianú agus torthaí oiriúnúcháin a thomhas. Tá sé tábhachtach róil shoiléire a shainiú (cé a thuairiscíonn, cé na sonraí, cá mhinice, srl.) chun cuntasacht a fheabhsú.
- Líonraí comhroinnte sonraí agus foghlama a éascú: Is féidir leat é seo a dhéanamh ach próisis agus ardáin a bhunú chun léargais, dea-chleachtais agus ceachtanna foghlamtha a roinnt idir earnálacha agus pobail éagsúla chun athléimneacht aeráide a neartú.
- Bain úsáid as modhanna rannpháirteacha meastóireachta: Is féidir le geallsealbhóirí agus le saoránaigh a bheith páirteach i meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht i seisiúin aiseolais struchtúrtha, i measúnuithe rannpháirteacha, nó i gcuir chuige scéalaíochta a ghabhann léargais cháilíochtúla.

## EOLAÍOCHT SHLUAFHOINSITHE

Cuireann **eolaíocht shluafhoinsithe** cur chuige tábhachtach ar fáil do chéim 6 chun an pobal a chur i mbun athróga a bhaineann leis an aeráid a rianú (ábhartha i gcéim 2 freisin), chun sonraí fíor-ama a chur ar fáil, agus chun comhoibriú idir údaráis agus pobail a neartú. Cothaíonn rannpháirteachas saoránach comhfhoghlaim, anailís chomhpháirteach, agus feabhsaíonn sé feasacht an phobail ar rioscaí aeráide agus éifeachtacht na réiteach a chuirtear i bhfeidhm.

Conas saoránaigh a spreagadh chun páirt a ghlacadh i monatóireacht ar oiriúnú aeráide:

- Sainigh róil lánbhríocha rannpháirteachais agus cuir treoir shoiléir ar fáil maidir le conas is féidir le saoránaigh a gcion a dhéanamh (e.g. teocht a rianú, leibhéil tuilte a thuairisciú, tionchair aeráide ar bhithéagsúlacht a thabhairt faoi deara).
- Cinntigh cáilíocht agus comhsheasmhacht sonraí le modheolaíocht eolaíochta sluafhoinsithe, le seisiúin oiliúna, le huirlisí inrochtana, agus le sásraí bailíochtaithe chun cabhrú le cion an phobail a choinneáil.
- Cothaigh rannpháirtíocht le himeacht ama ach úsáid a bhaint as sásraí chun torthaí a roinnt agus aiseolas a fháil maidir leis an gcaoi a gcuireann sonraí saoránach eolas ar fáil do bheartais agus a bhfeabhsaíonn siad rannpháirtíocht fhadtéarmach.

I measc samplaí de thionscnaimh eolaíochta sluafhoinsithe tá **tionscadal ScienceUs**, an AE **NEWSERA** saotharlanna comhchruthaithe, an **tionscadal Hackair** ar cháilíocht an aeir, **tionscadal AGORA**an AE agus an úsáid a bhaineann sé as eolaíocht shluafhoinsithe, agus **Cumann Eolaíochta Sluafhoinsithe na hEorpa (ECSA)**, a sholáthraíonn acmhainní agus a thaispeánann tionscadail monatóireachta rannpháirteachais.

## RANNPHÁIRTEACHAS NA HEARNÁLA PRÍOBHÁIDÍ I MONATÓIREACHT AGUS I MEASTÓIREACHT

Tá ról lárnach ag gnólachtaí maidir le rioscaí aeráide a rianú, tionchar gníomhartha oiriúnúcháin a mheas, agus athléimneacht a chur san áireamh ina n-oibríochtaí. Is féidir le rannpháirteachas na hearnála príobháidí sa chéim seo nuálaíocht a fheabhsú, deiseanna infheistíochta a chruthú agus comhoibriú poiblí-príobháideach a neartú.

Conas gnólachtaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i monatóireacht, i meastóireacht agus i bhfoghlaim:

- Suirbhéanna agus sásraí aiseolais: Is féidir le rialtais áitiúla, comhlachais tionscail, nó tionscnaimh il-gheallsealbhóirí suirbhéanna a chomhdhearadh chun gníomhartha oiriúnúcháin na hearnála príobháidí a mheas, bearnaí a aithint, agus dul chun cinn a rianú le himeacht ama. Mar shampla, d'úsáid an Ostair **suirbhéanna** chun iarrachtaí maolaithe riosca tuilte a mheas, rud a chothaigh léargas ar chion oibre na hearnála príobháidí agus ar réimsí ba chóir a fheabhsú.
- Painéil rialaithe monatóireachta a chomhfhorbairt: Is féidir ardáin dhigiteacha il-gheallsealbhóirí a dhearadh i gcomhar le chéile chun rioscaí aeráide, dul chun cinn maidir le hoiriúnú, agus leochaileachtaí sonracha earnála a léirshamhlú. D'fhorbair Údaráis Abhantraí san Iodáil **painéil rialaithe** um riosca tuilte ina mbíonn baint ag árachóirí, forbróirí agus lucht déanta beartas le bainistiú réamhghníomhach riosca
- Straitéisí oiriúnaitheacha gnó a spreagadh: Is féidir le gnólachtaí páirt a ghlacadh i ngrúpaí foghlama piaraí, in idirphlé earnála, nó i saotharlanna nuálaíochta chun cur chuige oiriúnúcháin a bheachtú bunaithe ar rioscaí atá ag teacht chun cinn agus ar thaithí chomhroinnte.



Publications Office
of the European Union

**Tuilleadh eolais:**

Oiriúnú don athrú aeráide - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

Misean an AE um Oiriúnú don Tairseach um Athrú Aeráide (europa.eu)

Ardán misean https://futurium.ec.europa.eu/en/eu-mission-adaptation-community/

**#EUmissions**
**#HorizonEU**
**#MissionClimateAdaptation**